# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **gan mhaith**?
   (a) Gan úsáid
   (b) Iontach maith
   (c) Úsáideach

2. Tá an frása **in aice leis** i bparagraf 3. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos áta contrártha le **furasta**?
   (a) Falsa
   (b) Deacair
   (c) Sultmhar

4. Tá siopa seodra ag Liam. Ainmnigh 3 rud a thig leat a cheannach i siopa seodra.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?

2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?

3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.

4. Cad é eile ba chóir do Liam a dhéanamh lena chinntiú nach mbrisfidh gadaí isteach ina shiopa arís, do bharúil?

5. An féidir le madadh a bheith úsáideach ar dhóigh ar bith eile?

cea Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

4 Bóna an Madadh Faire

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Bóna an Madadh Faire

# Bóna an Madadh Faire

Tá daoine ann ar maith leo madadh a bheith acu mar pheata. Tá daoine eile ann ar maith leo madadh a bheith acu atá ábalta cosaint a thabhairt dóibh nó aire a thabhairt d'áit. Tugtar 'madadh faire' nó 'madadh cosanta' ar mhadadh den chineál sin. Láidir, cliste, ciallmhar agus cróga – is aidiachtaí iad seo a chuireann síos ar mhadadh maith faire. Tá madadh faire ann darb ainm Bóna, ach ní aidiachtaí iad sin a chuireann síos ar Bhóna!

Is é Bóna an príomhcharachtar i leabhar dar teideal *Bóna an Madadh Faire*. Is madadh beag donn é a chónaíonn i Siopa Seodra Liam agus a chodlaíonn i gciseán beag istigh sa tsiopa. **Caitheann** sé bóna thart ar a mhuineál agus, ar ndóigh, sin an fáth a bhfuil Bóna mar ainm air. Tá stopuaireadóir speisialta ar an bhóna seo atá ina aláram buirgléireachta. Thug Liam an stopuaireadóir do Bhóna lena chur i gcuimhne dó go bhfuil obair thábhachtach le déanamh aige, is é sin a bheith ina mhadadh faire. Ach le fírinne, is madadh dearmadach é a dhéanann dearmad ar chuid mhór. Is fearr leis cnámha a chur i bhfolach sa ghairdín ar chúl an tsiopa agus a bheith ina luí sa chiseán ag ligean a scíthe. Is cinnte go bhfuil Bóna chomh falsa le muc!

Is é an obair atá le déanamh ag Bóna ná súil ghéar a choinneáil ar an tsiopa agus fios a chur ar Liam nuair a fheiceann sé gadaí. Ach bhí gadaí ann darbh ainm Robchat agus nuair a bhris sé isteach sa tsiopa oíche amháin, d'imir sé cleas ar Bhóna go **furasta** agus ghoid sé an stopuaireadóir luachmhar gan fhios do Bhóna. Cé go raibh sé go díreach **in aice leis**, ní fhaca Bóna rud ar bith agus níor mhothaigh sé faic. Sílim go bhfuil Bóna deas mar mhadadh ach mar mhadadh faire tá sé **gan mhaith**!

Thaitin an leabhar seo go mór liom mar bhí sé iontach furasta a léamh, sultmhar agus iontach greannmhar. Bhí dúil mhór agam sa phríomhcharachtar, Bóna an Madadh Faire.

# Ceisteanna

**1. Cé acu abairt atá fíor?**
(a) Bíonn madadh faire ag seilg
(b) Is maith le madadh faire a bheith ag rásaíocht
(c) Coinníonn madadh faire súil ghéar ar rudaí

**2. Cad é mar a fuair Bóna a ainm?**
(a) Is maith leis cnámha a ithe
(b) Caitheann sé bóna thart ar a mhuineál
(c) Níl sé cliste

**3. Cén líne sa scéal a insíonn dúinn nach bhfuil cuimhne rómhaith ag Bóna?**
(a) Is madadh dearmadach é
(b) Is fearr leis cnámha a chur i bhfolach sa ghairdín
(c) Tá Bóna chomh falsa le muc

**4. Cad é mar atá a fhios againn nach madadh maith faire é Bóna?**
(a) Ghoid Robchat an stopuaireadóir
(b) Bhí sé i gcónaí ag ithe seodra
(c) Choinnigh sé súil ghéar ar an tsiopa an t-am ar fad

**5. Cé acu abairt is fearr a chuireann síos ar bharúil an scríbhneora ar Bhóna?**
(a) Is madadh faire iontach é Bóna agus is breá leis é
(b) Is maith leis Bóna cé nach madadh maith faire é
(c) Is fearr leis Robchat ná Bóna

**6. Cad é barúil an duine seo den leabhar?**
(a) Bhí sé deacair a léamh agus leadránach
(b) Bhí sé furasta a léamh agus bhain sé sult as
(c) Bhí sé furasta a léamh ach gan mhaith

**7. Tá an briathar caitheann i bparagraf 2:**
(a) san aimsir chaite.
(b) san aimsir láithreach.
(c) san aimsir fháistineach.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Léirmheas
(b) Dialann
(c) Fógra